

PREASEISIÚINT

17 Meitheamh 2022

Deimhníonn an chéad tuarascáil chuimsitheach tionchar na comhiarrachta maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí san AE

Tá forbairt tagtha ar an gcreat Eorpach um shábháilteacht mhuirí le fiche bliain anuas tar éis na dtimpistí millteacha Erika agus Prestige, agus é anois ar cheann de na creata dá leithéid is láidre ar domhan. Luaitear é sin sa Tuarascáil Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSAFE), an chéad achoimre chuimsitheach riamh ar shábháilteacht mhuirí san Aontas Eorpach.

Ar cheann de phríomhcholuín chreat sábháilteachta an AE tá rialú stáit ar chalafoirt, a mbíonn de thoradh air go ndéanann cigirí i gcalafoirt an AE breis agus 14 000 imscrúdú ar shoithí gach bliain, agus iad á gcomhlánú ag tionscnaimh reachtacha amhail córas sonracha suirbhéanna an AE do RoPax agus d'árthaí ardluais, agus an oibleagáid atá ar na Ballstáit timpistí a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu go lárnach chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí coiscitheacha agus na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt. Tacaíonn an reachtaíocht seo le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú coinbhinsiún idirnáisiúnta arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha agus trí chur chuige láraithe a chur i bhfeidhm chun tacú le sábháilteacht mhuirí.

Leagtar béim freisin i dtuarascáil EMSAFE, arna foilsiú ag an [nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí](#) (EMSA) ar an gcúnamh a thugann an Gníomhaireacht don Choimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme reachtaíochta AE a sheiceáil. Ina thaobh seo, thug EMSA breis agus 300 cuairt ar na Ballstáit thar ceann an Choimisiúin le fiche bliain anuas, chomh maith le breis agus 300 cigireacht a dhéanamh ar eagraíochtaí atá aitheanta ag an AE, dá bhfuil cúraimí atá nasctha lena bhfreagrachtaí bratstáit á dtarmligean ag na Ballstáit níos mó ná riamh.

Ina theannta sin, rinneadh breis agus 70 cigireacht ar riaracháin mhuirí, ar institiúidí oideachais agus oiliúna i dtrú tíortha sa tréimhse chéanna, chun cabhrú leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe.

In 2020 amháin cláraíodh níos mó ná 680 000 glao ar chalafoirt AE. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach faisnéis sábháilteachta a mhalartú idir na Ballstáit i réimsí amhail lastas contúirteach a iompraítear, sonraí suite soithí, agus clárú paisinéirí. Dá bharr sin, leanfaidh EMSA de bheith ag forbairt agus ag feabhsú SafeSeaNet, an malartú sonraí mhuirí ar fud an AE, chun seirbhísí éascaithe a thairiscint, chun comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú, agus chun tacú le reachtaíocht AE nua agus athbhreithnithe. Leis na forbairtí sin, comhdhlúthaítear ról SafeSeaNet mar an príomhardán d'fhaisnéis sábháilteachta mhuirí san AE.

Eisítear EMSAFE ag tráth a bhfuil fás níos moille ag teacht ar chabhlaigh na mBallstát AE ná mar atá ag teacht ar chabhlaigh an domhain (fás 3.4% le cúig bliana anuas i gcomparáid le fás 7% ar chabhlaigh an domhain). Cé go bhfuil meánaois soithí a bhfuil bratach de Bhallstáit AE orthu inchomparáide den chuid is mó le cabhlaigh an domhain, tá roinnt catagóirí long ag dul in aois, lena n-áirítear soithí paisinéirí, a bhfuil 28 bliain d'aois ar an meán acu.

“Is fianaise í tuarascáil an lae inniu ar conas a bhí iarrachtaí an Aontais chun sábháilteacht mhuirí a áirithiú éifeachtach maidir le timpistí a chosc agus ardleibhéal rialacha sábháilteachta comhchuibhithe a áirithiú ar fud an Aontais. Ag an am céanna, d’fhéadfadh iarmhairtí tubaisteacha a bheith ag timpistí muirí aonair ar shaol an duine agus ar an timpeallacht mhuirí, agus mar sin tá gá le forairdeall agus feabhsú leanúnach. Cuirim fáilte roimh an tionscnamh fiúntach seo, rud a chuireann treoir riachtanach ar fáil maidir leis an staid sábháilteachta muirí agus maidir leis na saincheisteanna atá os ár gcomhair”, a dúirt Coimisinéir Iompair an AE, Adina Vălean.

Is í an tsábháilteacht bunchloch na ngníomhaíochtaí muirí go léir. Gan an tsábháilteacht, ní féidir aon inbhuanaitheacht, slándáil nó forbairt a bheith ann ar earnáil an iompair mhuirí san AE. Dá bhrí sin, tá an tsábháilteacht i gcroílár obair EMSA anois agus beidh amach anseo. Ach tugtar le fios go soiléir sa tuarascáil uainn go bhfuil sábháilteacht mhuirí ina comhábhar inmí anois agus go mbeidh sí ina comhábhar inmí i gcónaí. Ní féidir linn an creat láidir atá tógtha againn le fiche bliain anuas a chothú agus leanúint ar aghaidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo ach amháin trí oibriú le chéile – ar leibhéal idirnáisiúnta, Eorpach, náisiúnta, beartais, tionscail agus geallsealbhóirí, a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMSA, Maja Markovčić Kostelac.

Treochtaí sa todhchaí:

De réir na tuarascála, beidh dúshláin ann maidir le sábháilteacht mhuirí sa ghearrthearma agus sa mheántearma, ní hamháin i mbainistiú an chabhlaigh reatha, ach freisin i réimsí an digitithe, na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus na hinbhuanaitheachta.

- Tá iarrachtaí na hearnála chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach mar chuid de Chomhaontú Glas don Eoraip nasctha freisin le sábháilteacht mhuirí, go háirithe ós rud é gur gá caighdeán leordhóthanacha sábháilteachta a bheith mar bhonn taca le húsáid breoslaí nua (hidrigin, meatánól, amóinia, agus bithbhreoslaí) agus le teicneolaíochtaí cumhachta (ceallraí agus cealla breosla).
- Ina theannta sin, tháinig méadú 29% idir 2019 agus 2021 ar líon na bhfeithiclí san AE a úsáideann breoslaí malartacha, rud a fhágann gur gá do longa paisinéirí agus longa lasta araon ullmhú le haghaidh na rioscaí sábháilteachta a bhaineann le níos mó de na cineálacha seo feithiclí a iompar.
- Tugtar le fios go láidir sa tuarascáil, cé go gcuireann longa uathrialaitheacha deiseanna nua ar fáil don tionscal, go dtugann siad dúshláin freisin sna réimsí rialála agus teicniúla, lena n-áirítear an gá atá le forbairt a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil, ar chaighdeán, ar shuirbhéanna, ar ghluaiseachtaí ar muir agus i gcalafoirt, agus ar cháilíochtaí na ndaoine ar bord, i measc nithe eile.

TUILLÉADH FAISNÉISE:

Léigh an tuarascáil iomlán: <https://emsa.europa.eu/emsafe>

TEAGMHÁLAITHE PREASA

- Ruth McDonald: Ruth.MCDONALD@emsa.europa.eu; +351 913 151 610
- Ann Macpherson: Ann.MACPHERSON@emsa.europa.eu ; +351 917 21 31 21